# CINNEADH (AE) 2024/2193 ÓN gCOMHAIRLE

## an 8 Nollaig 2023

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2024 a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh An Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ([1]) a fhormheas thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 35 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, tá Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair ('an Coiste Stiúrtha') le buiséad an Chomhphobail Iompair a ghlacadh gach bliain. Ina theannta sin, le hAirteagal 35 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha cinntí a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta um chur chun feidhme an bhuiséid.

(3) Tá an Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2024 ag an seisiún deireanach a bheidh aige in 2023.

(4) An buiséad atá beartaithe i gcomhair an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2024, tá gá leis ar mhaithe le dea-fheidhmiú chomhlachtaí an Chomhphobail Iompair. Cumhdaítear leis na costais a bhaineann le hacmhainní daonna, taistil, trealamh agus bogearraí TF, chomh maith le caiteachas oibríochtúil amhail caiteachas le haghaidh staidéar, fothaithe acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus le haghaidh comhdhálacha agus cruinnithe a eagrú.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2024 a ghlacadh a leagan síos, ós rud é go mbeidh an cinneadh sin ina cheangal ar an Aontas, ar cinneadh é a bhfuil gá leis ar mhaithe le dea-fheidhmiú Bhuan-Rúnaíocht agus chomhlachtaí an Chomhphobail Iompair.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Choiste Stiúrtha bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair ('an Coiste Stiúrtha') a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2024 a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an Déachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

N. CALVIÑO SANTAMARÍA

---

([1]) IO L 278, 27.10.2017, lch. 3.
([2]) Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

*DRÉACHT*

**CINNEADH UIMH. 2023/… Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an …**

**maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2024 a ghlacadh**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair [1], agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 35 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal Aonair*

Glactar leis seo buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2024, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh i/sa…, an… 2023.

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*

---

([1]) IO AE L 278, 27.10.2017, lch. 3.

*IARSCRÍBHINN*

**BUISÉAD AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR LE hAGHAIDH 2024**

| Líne bhuiséid | Méid (EUR) |
|---|---|
| 1. An Bhuan-Rúnaíocht | |
| 1.1. Acmhainní Daonna | 1 442 670 |
| 1.2. Costais taistil | 138 836 |
| 1.3. Costais oifige, trealamh agus bogearraí | 48 020 |
| 1.4. Costais agus seirbhísí eile, lena n-áirítear:<br>— Seirbhísí seachfhoinsithe agus seirbhísí eile (iniúchadh, infheictheacht, oiliúint foirne, muirir bhainc)<br>— Fothú acmhainneachta<br>— Costais Chruinnithe agus chomhdhála<br>— Costais Teicneolaíochta Faisnéise agus chumarsáide<br>— Costais Earcaíochta | 799 857 |
| 1.5. Staidéir, cúnamh teicniúil chun tacú le cur chun feidhme *acquis* agus phleananna gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh | 370 000 |
| 2. An Chomhairle Aireachta | |
| 2.1. Costais Chruinnithe agus chomhdhála | 15 000 |
| 3. An Coiste Stiúrtha Réigiúnach | |
| 3.1. Costais Chruinnithe agus chomhdhála | 12 353 |
| 4. Coistí Teicniúla | |
| 4.1. Costais Chruinnithe agus chomhdhála | 218 084 |
| 5. An Fóram Sóisialta | |
| 5.1. Costais Chruinnithe agus chomhdhála | 9 808 |
| 6. An Coiste um an mBuiséad | |
| 6.1. Costais Chruinnithe agus chomhdhála | 5 286 |
| An Fo-iomlán (gan an cúlchiste buiséid a áireamh) | 3 059 914 |
| An cúlchiste buiséid (thart ar 2 %) | 61 286 |
| **An comhiomlán** | **3 121 200** |

| Líne bhuiséid | Méid (EUR) |
|---|---|
| Ranníocaíocht ón Aontas Eorpach (80 % den chomhiomlán) | 2 496 960 |
| Ranníocaíocht ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa (20 % den chomhiomlán: In Iarscríbhinn V a ghabhann le TCT leagtar amach an dáileadh de réir tíre) | 624 240 |
| Tabhairt anonn ó 2023 (meastachán) ([1]) | |
| Staidéir, cúnamh teicniúil chun tacú le cur chun feidhme *acquis* agus phleananna gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh ([2]) | 510 000 |

([1]) I gcomhréir le rialacha airgeadais infheidhme an Chomhphobail Iompair. Ní cuid de na méideanna atá buiséadaithe le haghaidh 2024 atá sna méideanna arna dtabhairt anonn

([2]) Cinnfear an méid iomlán tar éis thabhairt i gcrích nósanna imeachta soláthair agus conarthaí seirbhíse arna síniú le linn R3 de 2023